

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 36

Cosaint

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá i gceangal leis seo den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin; le haghaidh phá agus chostais Óglaigh na hÉireann; agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an olltoradh buiséid maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €18.088 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta in imlitir 22 de 2023, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, cé is moite díobh seo a leanas.

Luacháil fardail

Déantar fardail mhíleata a luacháil ag meánchostas agus cuimsíonn siad nithe áirithe atá athchóirithe. Déantar fardail Cosanta Sibhialta a luacháil ar phraghas ceannaigh.

Sócmhainní caipitil

Tháinig méadú go €10,000 ar an tairseach chun breisithe sócmhainní caipitil a áireamh le haghaidh ranna agus oifigí rialtais sa ráiteas ar shócmhainní caipitil le haghaidh sócmhainne aonair le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Ón dáta seo i leith, leanann an Roinn Cosanta de bhreisithe ar shócmhainní caipitil ar luachanna aonair de níos lú ná €10,000 a thaifeadadh.

Ní dhéantar luacháil ar thalamh ná ar fhoirgnimh agus ní áirítear iad i Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1). Taispeántar sceideal talún agus foirgneamh a riarann an Roinn Cosanta in Aguisín A. Úsáidtear iad seo chun críocha Óglaigh na hÉireann agus cuimsíonn siad maoine uathúla agus tiomnaithe.

Déantar íocaíochtaí faoi chláir áirithe d'fhorbairt threalamh Óglaigh na hÉireann, lena n-áirítear ceannach aerárthaí agus athchóiriú iompróirí pearsanra armúrtha, a thaifeadadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go gcuirtear in úsáid iad, agus déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní caipitil ag an gcéim sin.

Sócmhainní caipitil á bhforbairt

Áirítear íocaíochtaí i ndáil le forbairt talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta mar chuid de nóta 2.3 – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear na tionscadail sin i gcrích, baintear iad de shócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Níl aon aistriú chuig clár na sócmhainní mar, i gcomhréir leis an bpolasaí atá luaite thuas, ní áirítear talamh agus foirgnimh i sócmhainní caipitil.

Dímheas

Déantar sócmhainní míleata agus mótarfheithiclí Cosanta Sibhialta a dhímheas ar luachanna iarmharacha ag rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana ag baint úsáide as modh na líne dírí.

Rinneadh meastachán mar seo a leanas ar shaolré úsáideach agus ar rátaí amúchta gaolmhara móraicmí sócmhainní doláimhsithe.

<i>Ceadúnais bhogearraí</i>	<i>Saolré fhóinteach</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bhogearraí	Téarma ceadúnais 5 bliana	20%
Bogearraí a fuarthas/ bogearraí forbartha	5-10 mbliana	20%-10%

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus do na hoibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart, agus go gcuirfear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a choinneáil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte le haghaidh acmhainní daonna agus párolla.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann, a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách aige, chun comhairle a thabhairt dom i gcomhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear sannadh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe, go

- bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra cuí-oilte, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Feidhmíonn an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn maidir le 103 conradh neamhiomaíoch sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte ach amháin ceithre chonradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) a rinneadh gan próiseas iomaíoch, ar luach iomlán €147,385 (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos:

- Bhain €126,039 le híocaíochtaí le dhá sholáthróir i gcás ina ndeachaigh an conradh thar a théarma bunaidh
- Bhain €21,346 le híocaíochtaí le dhá sholáthróir sa chás gur mhéadaigh an conradh thar an mbunluach measta.

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar gach ceann de na ceithre sholáthar sin, agus tá bearta á ndéanamh chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha soláthair ábhartha chomh tapa agus is féidir.

Áiríodh na conarthaí thuas sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn ina sainithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a oibriú do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2023 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Jacqui McCrum

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Cosanta

28 Márta 2024

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 36 Cosaint

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 – Cosaint don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaint don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainiúnaím agus measúnaím rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainiúnaím le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainiúnaím aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 36 Cosaint

Cuntas Leithreasa 2023

		2023	2022
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Beartas agus tacaíocht cosanta, cumais mhíleata agus aschuir oibríochtúla	915,362	906,394	835,922
Ollchaiteachas	915,362	906,394	835,922
Lúide			
B Leithreasaí-i-gcabhair	24,907	34,027	33,659
Glanchaiteachas	890,455	872,367	802,263

Barrachas

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena tabhairt suas don Státchiste.

	2023	2022
	€	€
Barrachas le tabhairt suas	18,088,265	9,948,066

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

28 Márta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	871,998	804,808
Pá riaracháin	24,128	22,069
Neamhphá riarachán	10,268	9,045
Ollchaiteachas	906,394	835,922
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	34,027	33,659
Glanchaiteachas	872,367	802,263
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Athruithe ar mhaoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(115,738)	
Dímheas	68,318	
Airgead tirim diúscairtí	105	
Caillteanas ar dhiúscairtí	1,222	
<i>Athruithe ar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(3,247)	
Amúchadh	725	
Caillteanas ar dhiúscairtí	252	
<i>Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt (nóta 2.3)</i>		
Íocaíochtaí airgid	(35,709)	
	(84,072)	(71,428)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhardail	(699)	
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	6,516	
Laghdú ar ioncam fabhráithe	342	
Méadú ar chostais fhabhráithe	4,943	
Laghdú ar ioncam iarchurtha	(1)	
	11,101	(23,707)
Caiteachas díreach	799,396	707,128
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	16,874	
Cíosanna barúlacha	1,339	
	18,213	14,068
Glanhostas an chláir	817,609	721,196

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i méid an chaiteachais ar ghlanseirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 36 a íocadh in áit eile, glan ar chaiteachas a tabhaíodh i leith vótaí eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 1	Bunú an Uachtaráin	(496)	(486)
Vóta 2	Roinn an Taoisigh	(89)	(86)
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	33	44
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	17,140	12,915
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	604	600
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	880	929
Vóta 35	Pinsin an Airm	(1,927)	(1,787)
Vóta 41	An Garda Síochána	81	—
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	508	460
Príomh-Chiste – pinsin aireachta		140	140
		16,874	12,729

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh ^a	2.1	739,914	562,586 ^a
Sócmhainní doláimhsithe ^a	2.2	4,654	2,384 ^a
Sócmhainní caipitil á bhforbairt	2.3	27,919	5,952
Sócmhainní seasta iomlána		772,487	570,922
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	15,583	19,562
Fardail	2.5	255,668	254,969
Réamhíocaíochtaí	2.6	136,342	274,819
Ioncam fabhraithe	2.7	3,699	4,041
Iarmhéideanna dochair eile	2.8	846	1,351
Iomlán na sócmhainní reatha		412,138	554,742
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.9	9,609	5,392
Ioncam iarchurtha	2.10	47	48
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.11	13,019	15,726
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.12	3,410	5,187
Iomlán na ndlíteanas reatha		26,085	26,353
Glansócmhainní reatha		386,053	528,389
Glansócmhainní		1,158,540	1,099,311
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.13	1,158,540	1,099,311

Nóta ^a Mar chuid den aistriú chuig tuairisciú ar fhabhrú níos leithne, rinneadh sócmhainní caipitil a dheighilt ina dhá chomhpháirt, Sócmhainní doláimhsithe agus Maoín, gléasra agus trealamh. Athshonraíodh comparáidí ar mhaithe le comhsheasmhacht.

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh ^a

	Trealamh míleata	Trealamh Cosanta Sibhialta	Troscán Oifige agus trealamh TF	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil				
Ag 1 Eanáir 2023	1,355,170	4,722	27,514	1,387,406
Suimiúcháin	246,706	243	24	246,973
Diúscairtí	(14,583)	(150)	(2,276)	(17,009)
Ag 31 Nollaig 2023	1,587,293	4,815	25,262	1,617,370
Dímheas carntha				
Ag 1 Eanáir 2023	800,941	3,012	20,867	824,820
Dímheas don bhliain	65,060	332	2,926	68,318
Dímheas ar dhiúscairtí	(13,713)	(102)	(1,867)	(15,682)
Ag 31 Nollaig 2023	852,288	3,242	21,926	877,456
Glansócmhainní				
Ag an 31 Nollaig 2023 ^b	735,005	1,573	3,336	739,914
Ag an 31 Nollaig 2022	554,229	1,710	6,647	562,586

Nóta ^a Riarann an Roinn Cosanta gabhálaí talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag go leor áiteanna ar fud na tíre, ar meascán iad d'áiseanna míleata oibríochtúla, tailte traenála, ceathrúna do lucht pósta agus maoin eile, mar atá leagtha amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh.

^b An 1 Eanáir 2023, aistríodh costas, dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar sócmhainní lena léirítear éadail agus forbairt bogearraí ó Mhaoin, gléasra agus trealamh chuig sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

2.2 Sócmhainní doláimhsithe ^a

	Ceadúnais bogearraí faighte agus bogearraí forbartha €000
Costas nó luacháil	
Ag 1 Eanáir 2023	28,313
Suimiúcháin	3,247
Diúscairtí	(4,479)
Ag 31 Nollaig 2023	27,081
Amúchadh carntha	
Ag 1 Eanáir 2023	25,929
Amúchadh don bhliain	725
Amúchadh ar dhiúscairtí	(4,227)
Ag 31 Nollaig 2023	22,427
Glansócmhainní	
Ag an 31 Nollaig 2023	4,654
Ag an 31 Nollaig 2022	2,384

Nóta ^a Costas, dímhéas carntha agus glanluach de réir na leabhar sócmhainní doláimhsithe lena léirítear éadail agus forbairt bogearraí, áiríodh iad i maoin, gléasra agus trealamh i mblianta roimhe sin.

2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

	Conarthaí foirgníochta €000
Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh an 1 Eanáir 2023	5,952
Íocaíochtaí airgid sa bhliain	35,709
Tionscadail curtha i gcrích ^a	(13,742)
Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh an 31 Nollaig 2023	27,919

Nóta ^a De réir mar a chuirtear tionscadail chun talamh agus foirgnimh a fhorbairt i gcrích, baintear iad de shócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Níl aon aistriú chuig an gclár sócmhainní mar nach bhfuil talamh agus foirgnimh san áireamh i sócmhainní caipitil.

2.4 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid PMG	13,215	18,083
Iarmhéideanna eile cuntais bainc agus airgid	2,368	1,479
	15,583	19,562

Cuntais bhainc neamh-vótacha

Tá 13 chuntas bainc eile á mbainistiú ag pearsanra Óglaigh na hÉireann chun an córas béilí ócáideacha a riar i mbeairic. Ní eisítear aon mhaoiniú ón Vóta chuig na cuntais bhainc seo. Ba é €42,523 an méid a bhí i seilbh ag deireadh 2023 (2022: €28,306). Ní áirítear an t-iarmhéid seo sa mhéid 'bainc agus airgead tirim' a thaispeántar thuas.

2.5 Fardail

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Fardail mhíleata ^a	254,822	254,083
Cosaint Shibhialta	846	886
	255,668	254,969

Nóta ^a B'ionann díscríobh agus fardal míleata as feidhm le linn na bliana agus €4.499 milliún

2.6 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Aerárthaí iompair mhíleata	42,356	27,206
Soithí patróil cladaigh	34,238	18,593
Raidiúnna atá sainithe ó thaobh bogearraí de	30,425	—
Feithicil Taiscéalaíochta Meánach (MRV)	6,474	—
Clár cothabhála agus uasghrádaithe pearsanra armúrtha	3,863	4,344
Cothabháil aerárthaí agus oiliúint maidir le haerárthaí	2,709	7,277
Aerárthaí patróil muirí	—	185,109
Nuachóiriú na príomh-armála	—	6,101
Athfheistiú lár saoil an LÉ Niamh	—	5,878
Feithiclí a iompraíonn trúpaí	—	3,700
Eile	16,277	16,611
	136,342	274,819

2.7 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Maoiniú trúpaí/trealaimh atá dlite ó mhisin thar lear	3,400	3,500
Dlite le haghaidh seirbhísí	299	541
	3,699	4,041

2.8 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Párolla	9	6
Óinchistí	637	354
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	82	240
Scéim na bPasanna Taistil	25	38
Fionraí eile	93	713
	846	1,351

2.9 Costais fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Fabhruithe cláir – reatha	2,407	2,060
Fabhruithe cláir – capitol	7,052	3,146
Costais riaracháin	150	186
	9,609	5,392

2.10 Ioncam iarchurtha

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Ioncam cíosa	47	48
	47	48

2.11 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	12	4
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	4	(1)
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	532	406
Cáin bhreisluacha	11,483	14,092
Ranníocaíochtaí pinsin	8	15
Muirear sóisialta uilíoch	2	1
Cáin conarthaí ábhartha	191	64
	<u>12,232</u>	<u>14,581</u>
Asbhaintí párolla a choimeádtar ar fionraí	5	5
Míreanna fionraí creidmheasa eile	782	1,140
	<u>13,019</u>	<u>15,726</u>

2.12 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas le tabhairt suas	18,088	9,948
Deontas státchiste nár tarraingíodh anuas	(14,678)	(4,761)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	<u>3,410</u>	<u>5,187</u>
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	15,583	19,562
Iarmhéideanna dochair: fionraí	846	1,351
	<u>16,429</u>	<u>20,913</u>
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(12,232)	(14,581)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(787)	(1,145)
	<u>(13,019)</u>	<u>(15,726)</u>
	<u>3,410</u>	<u>5,187</u>

2.13 An cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		1,099,311	1,028,224
Íocaíochtaí amach ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	890,455	
Barrachas le tabhairt suas	Cuntas	(18,088)	
Glan Vóta		872,367	802,263
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	16,874	12,729
Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt a cuireadh i gcrích sa bhliain	2.3	(13,742)	(24,048)
Caiteachas neamhairgid – cíósanna barúlacha	1	1,339	1,339
Glanchoistas an chláir	1	(817,609)	(721,196)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		1,158,540	1,099,311

2.14 Ceangaltais

a) Gealltanais atá infhorfheidhmithe le dlí	2023	2022
ag an 31 Nollaig	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	5,236	6,271
Tionscadail chaipitil ^a	161,944	187,456
iomlán na ngealltanais atá infheidhmithe le dlí	167,180	193,727

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022	Caiteachas in 2023	Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2023	Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2022
	€000	€000	€000	€000	€000
Clár cothabhála agus uasghrádaithe maidir le hiompróirí armúrtha pearsanra	91,325	1,322	5,482	98,129	98,129
Athfheistiú lár saoil an LÉ Niamh	10,126	3,188	186	13,500	12,300
Aerárthaí patróil muirí	185,109	43,537	—	228,646	228,299
Feithiclí a iompraíonn trúpaí	15,045	8,341	1,214	24,600	24,600
Timpeallacht Oibre na Chéad Ghlúine Eile (NGWE)	609	8,701	10,190	19,500	19,500
Aerárthaí iompair mhíleata	27,206	15,150	30,298	72,654	68,015
Soithí patróil cladaigh	18,593	15,645	2,605	36,843	36,843 ^a
Uasghrádú an iar- bhloic USAC	417	4,629	5,248	10,294	10,029
Raidíonna atá sainithe ó thaobh bogearraí de	—	30,425	46,558	76,983	—
Feithiclí taiscéalaíochta meánmhéide (MRV)	—	6,474	13,433	19,907	—
Dún Mhic Aoidh - Uasghrádú ar Bhloc F	—	7,467	7,702	15,169	—
Córais raca díluchtaithe agus bailithe in-díshuite (DROPS)	—	8,328	3,972	12,300	—
iomlán	348,430	153,207	126,888	628,525	497,715

Nóta ^a Soithí patróil cladaigh — Níor tháinig aon athrú ar chostas an tionscadail seo ó 2022 i leith. Tuairiscíodh caiteachas iomlán ar feadh an tsaoil de €41.019 milliún i gcuntas 2022. Róluacháil a bhí anseo mar gheall ar airgeadra mícheart a bheith á úsáid agus leasú conartha á thuairisciú. Leasaíodh iomlán thionscadail chaipitil 2022 dá réir freisin chun an figiúr ceart de €36.843 milliún a tuairiscíodh thuas anois a léiriú.

Athruithe suntasacha

ugtar míniú thíos i gcás inar tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla ó 2022 go 2023.

Athfheistiú lár saoil an LÉ Niamh

Méadú ar an gcaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis: €1.2 milliún

Is é is cúis leis an méadú méadú ar luach conartha a eascraíonn as leasú conartha.

Aerárthaí iompair mhíleata

Méadú ar an gcaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis: €4.639 milliún

Tharla an méadú mar gheall ar mhéadú ar luach conartha ó leasú conartha i mí na Bealtaine 2023

2.15 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscáoileadh ag deireadh na bliana	731	122

2.16 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarbhir nó uainiú na ndliteanas féideartha neamhchinnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

		2023	2022
